**FÓGRA POIBLÍ**

**AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (arna leasú) – Cuid XI**

**RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2001 (arna leasú) - Cuid 8**

Tugtar fógra leis seo, de bhun fhorálacha Chuid XI den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus de réir cheanglais Chuid 8, Airteagal 81 agus Airteagal 83 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú), go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Contae Chorcaí tabhairt faoin bhforbairt seo a leanas:

**Teideal an Tionscadail: Ríocht Phoiblí Shráidbhaile Charraig Uí Leighin - Páirc Abhann ar Imeall an Uisce**

| SUÍOMH | CINEÁL & MÉID NA FORBARTHA | OIFIGÍ INAR FÉIDIR PLEANANNA AGUS SONRAÍ A INIÚCHADH |
|---|---|---|
| Sráidbhaile Charraig Uí Leighin, Co. Chorcaí.<br><br>Idir an R611 agus an R612, a chuimsíonn cuid d'Abhainn na Baoi agus limistéar páirceála an ionaid siopadóireachta reatha. | Tá sé beartaithe spás oscailte poiblí nua a thógáil, lena n-áirítear plás, pailliúin, bithéagsúlacht/ plandú pailneoirí, spásanna glasa oscailte, agus áit suí.<br>Tá na nithe seo a leanas san fhorbairt a bheartaítear:<br>• Oibreacha feabhsaithe comhshaoil agus feabhsú na ríochta poiblí agus na maireachtála lasmuigh chun 'féiniúlacht chathartha a sholáthar don ríocht phoiblí nua, féiniúlacht a bhfuil baint láidir aici leis an uisce agus le héiceolaíocht na habhann'.<br>• Spreagfaidh spás poiblí nua ar imeall an uisce (lena n-áireofar spás glactha ar ais ón gcarrchlós reatha) gníomhaíochtaí pobail agus ceangal leis an uisce.<br>• Mar chuid den spás poiblí feabhsaithe beidh troscán sráide (oiriúnach do chách), suíocháin ar imeall an uisce, gairdíní báistí, crainn agus toir agus pailliún clúdaithe.<br>• Tá dearadh uirbeach ardchaighdeáin agus bailchríocha ábhair beartaithe lena n-áirítear Bithéagsúlacht/Plandú Pailneoirí agus córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe.<br>• Nascacht agus inrochtaineacht fheabhsaithe do choisithe.<br>• Cuirfidh Pailliún Poiblí ilfheidhmeach ardán léirithe faoi dhíon ar fáil d'imeachtaí pobail, nasctha le himeall an uisce.<br>• Uasghrádú ar shoilsiú poiblí agus oibreacha coimhdeacha eile.<br>• Carrchlós breise in aice le bealach isteach Bhóthar Guidel in áit limistéar an charrchlóis a fuarthas ar ais ó charrchlós Abhainn na Baoi.<br>• Athrú ar an mbealach isteach chuig an gcarrchlós ag Bóthar Guidel chun cur le sábháilteacht coisithe. | **Oifig an Cheantair/Roinne**<br>Oifig Ceantair Chomhairle Contae Chorcaí, Bóthar an Teampaill, Carraig Uí Leighin<br><br>**Oifig Eile:**<br>Cuntar Pleanála, Urlár na Talún, Halla an Chontae, Comhairle Contae Chorcaí, Corcaigh.<br><br>**Ar Líne:**<br>**https://www.corkcoco.ie/ga/conaitheoir/pleanail-agus-forbairt/chomhairliuchain-phoibli/comhairliuchan-forbartha-cuid-8-gniomhach** |

Is féidir na pleananna agus na sonraí a iniúchadh mar seo a leanas:

1. Coinne a dhéanamh le ball d'fhoireann Chomhairle Contae Chorcaí. Cuir glaoch ar an uimhir seo a leanas: 021 4371800 nó seol ríomhphost chuig carrigalineroadsoperations@corkcoco.ie chun coinne a dhéanamh. Féadfar Pleananna agus Sonraí na forbartha beartaithe a iniúchadh ar feadh tréimhse (nach lú ná) 4 seachtaine ón 1 Márta 2024 go dtí 4 Aibreán 2024 le linn uaireanta oscailte poiblí ag na hoifigí atá liostaithe thuas, Luan - Aoine 9.00 a.m. go 4.00 p.m

2. Ar líne ag an seoladh seo a leanas: https://www.corkcoco.ie/ga/conaitheoir/pleanail-agus-forbairt/chomhairliuchain-phoibli/comhairliuchan-forbartha-cuid-8-gniomhach

Is féidir Pleananna agus Sonraí na forbartha beartaithe a cheannach ar tháille €15 an tacar ar feadh tréimhse (nach lú ná) 4 seachtaine ó 01/03/2024. Ba cheart an ceannteideal seo a leanas a chur ar an iarratas: 'Cuid 8 Ríocht Phoiblí Shráidbhaile Charraig Uí Leighin – Páirc Abhann ar Imeall an Uisce'. Is é Oifig Ceantair Chomhairle Contae Chorcaí, Bóthar an Teampaill, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí an seoladh.

Ar iarratas scríofa a fháil, seolfaidh Comhairle Contae Chorcaí cóip de na pleananna agus sonraí sa phost nó trí ríomhphost chuig ball den phobal ar mian leis/léi aighneacht a dhéanamh laistigh den fhráma ama reachtúil (sonraithe thíos).

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt bheartaithe, a dhéileálann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeadh an fhorbairt suite, a dhéanamh:

1. Ar líne: https://www.corkcoco.ie/ga/conaitheoir/pleanail-agus-forbairt/chomhairliuchain-phoibli/comhairliuchan-forbartha-cuid-8-gniomhach roimh 4 p.m. an 18/04/2024
2. I scríbhinn, ba chóir an ceannteideal seo a leanas a chur ar an litir: 'Ríocht Phoiblí Shráidbhaile Charraig Uí Leighin - Páirc Abhann ar Imeall an Uisce" agus **"Oifigeach Bardasach, Comhairle Contae Chorcaí, Ceantar Bardasach Charraig Uí Leighin, Urlár 5 Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh. T12 R2NC''** in úsáid agat mar sheoladh roimh 4 p.m. an 18/04/2024.

De réir Airteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú), tá cinneadh scagtha maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) déanta agus cinneadh déanta nach bhfuil gá le MTT. De réir Airteagal 120 (3), arna leasú ag I.R. Uimh. 296 de 2018, féadfaidh duine, laistigh de 4 seachtaine ó dháta an fhógra seo (01/03/20024), iarratas a dhéanamh go dtí an Bord Pleanála chun cinneadh scagtha a fháil maidir le cibé an dócha go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an gcomhshaol. Ba cheart aighneacht dá leithéid a sheoladh chuig An Rúnaí, An Bord Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

*Ba chóir a lua go mbaineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise le gach taifead atá i seilbh Chomhairle Contae Chorcaí.*